

TG4 Foghlaim: Réamhobair

A

Inis do do pháirtí ranga faoi do theaghlach agus freagair na ceistanna thíos.

- Déan cur síos ar do theaghlach.
- Cén aois iad na daoine i do theaghlach?
- An bhfuil tú gar do ghaolta eile?

B

Scríobh brí an fhocail / fráasa ar dheis.

ar an gcéad lá de mhí Aibreáin

cúig troithe is sé horlaí ar airde

gruaig dhíreach fhionn

gruaig chatach rua

gruaig fhada dhubh

dath donn ar mo chuid gruaige

súile glasa

mo thuismitheoirí

deartháir

deartháireacha

deirfiúr

deirfiúracha

ag spochadh

is sine

is óige

C

Cum abairtí leis na focail ó Chuid B thuas.

Gheobhaidh tú pointe amháin as gach abairt nua a chumann tú le focal amháin ón liosta ann. Tá bónas trí phointe ar fáil le haghaidh gach focail bhreise ón liosta atá tú in ann a chur in aon abairt amháin.



TG4 Foghlaim: Mír a hAon

A

Freagair na ceisteanna.

1. Cén post atá ag athair an chéad chainteora (Bláthnaid)?

- Is feirmeoir é
- Is bádóir é
- Is siúinéir é

2. Cá bhfuil deirfiúr an dara chainteora (Cian) ina cónaí?

- thall i Sasana
- thar lear
- Luimneach

3. Roghnaigh na tréithe pearsanta ar fad a luaitear sa mhír sa bhosca thíos.

- | | |
|---------------------------------------|--|
| <input type="checkbox"/> cantalach | <input type="checkbox"/> leisciúil |
| <input type="checkbox"/> grámhar | <input type="checkbox"/> Staidéarach |
| <input type="checkbox"/> ciúin | <input type="checkbox"/> gealgháireach |
| <input type="checkbox"/> réichúiseach | <input type="checkbox"/> postúil |

B

Meaitseáil na tréithe leis an leagan Béarla ar dheis.

amaideach	clever
spraíúil	unfriendly
cliste	foolish
teasaí	sensible
dathúil	helpful
flaithiúil	cranky
cabhrach	hot-tempered
cantalach	attractive
ciallmhar	playful
réichúiseach	impatient
leisciúil	understanding
míchairdiúil	loud
mífhoighneach	generous
tuisceanach	lazy
glórach	kind
cinéalta	easy-going

C

Inis dom fút féin: Freagair na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- Cad is ainm duit?
- Cad é do scrúduimhir?
- Cad é do sheoladh baile?
- Cén aois thú?
- Cad é do dháta breithe?
- Cé na tréithe a bhaineann leat?
- An bhfuil tú cosúil leis na daoine eile i do theaghlach?
- Cé na tréithe a bhaineann leis na daoine eile sa chlann?



TG4 Foghlaim: Mír a Dó

A

Freagair na ceisteanna.

1. Cén fáth a bhfuil an dara cainteoir (Íde) gar dá cuid deartháireacha?

- Mar tá spéis acu sna rudaí céanna
- Mar níl sa bhaile ach iad féin an chuid is mó den am
- Mar tá siad ar comhaois

2. Céard a dhéanann Cian agus a theaghlach gach tráthnóna? (Níos mó ná rud amháin)

- Itheann siad dinnéar le chéile
- Téann siad ag síúl
- Féachann siad ar an teilifís le chéile

3. Céard é an ceangal is mó atá idir Cian agus a athair, dar leis?

- Gurb é an t-aon leaid eile sa teach é
- Go bhfuil spéis acu sna rudaí céanna
- Go bhfuil na tréithe pearsanta céanna acu

B

Líon na bearnaí leis an bhfocal cúí.

Is mise Síofra Ní Chéidigh. Tá mé ocht _____ (bliain / bhliain / mbliana) déag d'aois agus tá cónaí orm sa Teampeall Mór i _____ (tuaisceart / thuaisceart / dtuaisceart) Thiobraid Árann ach rugadh in Albain mé. Is é an seachtú lá de _____ (mí / mhí / míonna) na Bealtaine mo lá breithe - tús na scrúduithe _____ (Ardteistiméireacht / hArdteistiméireacht / Ardteistiméireachta) i _____ (bliain / bliana / mbliana)!

Cúigear ar fad atá i mo _____ (teaghlachsa / dteaghlachsa / theaghlachsa) - mise, mo mháthair, mo bheirt _____ (dheartháir / deartháireacha /

dheartháireacha) sa lár agus mo dheirfiúr níos óige. Is mise is _____ (is sean / níos sine / is sine) sa chlann. Níl mo dheirfiúr, Sorcha, ach seacht mbliana d'aois, agus tá na buachaillí, Caoimhghín agus Dara, aon _____ (bliain / bliana / bhliain) déag agus cúig _____ (bliain / bliana / bhliain) déag. Tá Dara ag ullmhú don Teastas Sóisearach i mbliana. Labhraíonn muid Gaeilge le chéile sa bhaile. Is rúnaí í mo mháthair. Oibríonn sí go dian ach bíonn am aici dúinn i _____ (cónaí / gcónaí / gcónaí). Réitíonn muid ar fad go maith le _____ (chéile / gcéile / céile).

Is duine réasúnta ciallmhar mé ach is féidir liom a bheith leisciúil ó am go ham. Is maith liom sos a ghlacadh ón staidéar go minic - ní duine staidéarach mé, i _____ (dáiríre / dháiríre / ndáiríre).

Tá súil agam áit a fháil ar chúrsa teangacha i _____ (Choláiste / gColáiste / Coláiste) na Tríonóide i _____ (Bhaile / mBaile / Baile) Átha Cliath an bhliain seo chugainn. Aireoidh mé uaim an baile nuair atá mé san ollscoil, ach tiocfaidh mé abhaile go minic, sílim. Beidh airgead póca uaim!

C Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- Conas a réitíonn tú le do dheartháireacha agus do dheirfiúracha?
- An réitíonn tú go maith le do thuismitheoirí?
- Cén duine is mó a réitíonn tú leis i do theaghlach?
- Céard é an rud is mó a chuireann isteach ort?



TG4 Foghlaim: Mír a Trí

A Freagair na ceisteanna.
1. Céard a dhéanann cairde Bhláthnaid léi ar a lá breithe? (Níos mó ná rud amháin)

- Fanann siad thar oíche
- Téann siad isteach sa bhaile mór léi
- Ceannaíonn siad bronntanas amháin mór di

2. Cé acu de na míbhuntáistí thíos nach luaitear leis an Nollaig?

- Ní bhíonn an aimsir go maith
- Bíonn na laethanta gearr
- Bíonn an iomarca ag tarlú

3. Cá bhfaigheann an cainteoir deireadh dó gréine?

- sa Phortaingéil
- sa Spáinn
- sa Fhrainc

B Craobh ghinealaigh.

Inis do do pháirtí faoi do chraobh ghinealaigh - tarraing grafaic le cabhrú leat.

- Cén fhad siar atá tú in ann do mhuintir a ainmniú?
- An bhfuil aithne agat ar do chuid col ceathracha ar fad?
- An bhfuil mórán de do mhuintir ag cur fúthu thar lear?
- An bhfuil sé tábhachtach duit aithne a bheith agat ar an dream atá muinteartha leat?
- Céard iad na hócáidí is mó a thugann do mhuintirse le chéile?

C Plé ranga.

Freagair na ceisteanna ón mír le do pháirtí ranga.

- Conas a cheiriúrann tú do lá breithe?
- An ndéanann sibh aon rud i do theach Lá na Máthar?
- An maith leat an Nollaig?
- An gceiliúrann sibh ócáidí ar nós laethanta breise i do theaghlachsa?
- Cén áit a dtéann sibh ar laethanta saoire?